Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
11
acmhainn do bhliain 11

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Sé Isteach san Ionad Oibre

an fachtóir WOW

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Cad é is Fiú É?	6
Téama 2	Is Fearr a Bheith Sábháilte ná Buartha	7
Téama 3	Ag Teacht i dTaithí Air	8
Téama 4	Mé Dea-mhúinte	9
Téama 5	Ar Shiúl liom ag Obair	10
Téama 6	Ag Smaoineamh Siar	11

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta acmhainn do bhliain 11

Aidhm

San aonad seo, fiosraíonn na daltaí an dóigh a dtig le socrúchán oibre tacú lena gcuid staidéir agus pleanála gairme. Is féidir an t-aonad seo a úsáid fosta le cuairt socrúcháin oibre a struchtúrú a dhéanfaidh an rang uile.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- plean gairme a fhorbairt bunaithe ar eolas agus ar threoir ábhartha.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- gur chóir go mbeadh cuspóir soiléir leis an socrúchán oibre;
- go mbeidh eispéireas foghlama an tsocrúcháin oibre níos fearr má leagtar síos cuspóirí soiléire;
- go bhfuil bunchéimeanna ann le hullmhú go rathúil faoi choinne socrúcháin oibre; agus
- go bhfuil iompair oiriúnacha socrúcháin oibre ann.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta am ar shiúl ón seomra ranga a chosaint lena gcuid foghlama a shíneadh san ionad oibre;
- beidh siad ábalta eagraíocht iomchuí a shainaithint dá socrúchán oibre;
- tuigfidh siad cad chuige a moltar dóibh páirt a ghlacadh i socrúchán oibre;
- beidh siad ábalta labhairt faoin ionad oibre agus na scileanna agus na tréithe atá de dhíth ansin; agus
- beidh siad ábalta cur síos ar an tionchar a bhí ag an socrúchán oibre ar a gcuid pleanála gairme.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí na scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 4. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Féinbhainistíocht

- Do chuid riachtanas foghlama féin a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta
- Do chuid spriocanna féin a leagan síos ar dhóigh féintreoraithe

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, mol do na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad é mar a chinntím go bhfuil mo shocrúchán oibre fóirsteanach dom?*
- *Cad é an dóigh a raibh an eagraíocht seo ullmhaithe dom?*
- *Ar thairg siad deiseanna luachmhara foghlama dom?*
- *Cad iad na ceisteanna a chaithfidh mé a chur le bheith níos eolasaí faoi shaol na hoibre?*
- *Cad é mar a thig liom tairbhe a bhaint as smaoineamh siar ar mo chuid ama san ionad oibre?*

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Cad é is Fiú É?

Amharcann na daltaí ar cé chomh hábhartha is atá sé a gcuid staidéir ar scoil a cheangal le saol na hoibre. Déanann siad machnamh ar na príomhchuspóirí a bhaineann le caidreamh a dhéanamh le fostóirí.

Téama 2
Is Fearr a Bheith Sábháilte ná Buartha!

Faigheann na daltaí amach faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre. Tosaíonn siad a thuiscint na tábhachta a bhaineann le fios a bheith acu an dóigh le guaiseacha ionchasacha sláinte agus sábháilteachta a sheachaint.

Téama 3
Ag Teacht i dTaithí Air

Tosaíonn na daltaí a thuiscint na tábhachta a bhaineann le socrúchán oiriúnach oibre a roghnú. Tosaíonn siad a n-ullmhú féin don socrúchán oibre trí thaighde a dhéanamh ar a n-ionad oibre roghnaithe.

Téama 4
Mé Dea-Mhúinte

Pléann na daltaí béasaíocht an ionaid oibre trí rólghlacadh agus trí chuairteanna ranga ó fhostóirí nó ó fhostaithe áitiúla. Dréachtaíonn siad cód comhaontaithe iompraíochta don socrúchán oibre.

Téama 5
Ar Shiúl liom ag Obair

Tá an chuid seo tiomnaithe do dhaltaí san ionad oibre. I roinnt cásanna seans go mbeadh cuairt ranga ar ionad oibre níos fóirsteanaí.

Téama 6
Ag Smaoineamh Siar

Tagraíonn na daltaí dá gcuid cuspóirí socrúcháin oibre agus amharcann siad ar cad é an dóigh a raibh siad ábalta iad seo a chomhlíonadh trína socrúchán oibre. Tugtar deis do na daltaí a dtaithí foghlama a roinnt leis an rang iomlán.

Téama 1
Cad é is Fiú É?

Amharcann na daltaí ar cé chomh hábhartha is atá sé a gcuid staidéir ar scoil a cheangal le saol na hoibre. Déanann siad machnamh ar na príomhchuspóirí a bhaineann le caidreamh a dhéanamh le fostóirí.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag roinnt agus ag giniúint critéar ratha

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cártaí Cuspóra Dalta* (Áis 1)
- *Teimpléad Leagan Amach Cuspóirí* (Áis 2)

Gníomhaíocht 1

Cuir tús le díospóireacht ranga ar shocrúcháin oibre agus an dóigh a mbaineann siad le staidéar na ndaltaí.

Iarr ar na daltaí bheith ag obair i mbeirteanna. Dáil na *Cártaí Cuspóra Dalta* agus iarr ar na daltaí iad a chur in ord tábhachta. Mol do na daltaí a gcuid cuspóirí féin a scríobh síos ar na cártaí bána agus iad a chur san áireamh ina n-ord ranga.

Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí bheith ag obair ina n-aonar don ghníomhaíocht seo. Dáil cóip den *Teimpléad Leagan Amach Cuspóirí* ar gach dalta. Iarr orthu é seo a úsáid lena gcuid cuspóirí pearsanta féin a liostú.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Tá sé tábhachtach go dtugtar am do gach dalta machnamh ar a gcuid cuspóirí molta lena gcuid tuismitheoirí agus lena múinteoir treorach b'fhéidir.

Cuir cuireadh ar iardhalta nó ar dhalta níos sine atá ar an scoil go fóill labhairt leis an rang faoi thaithí a socrúcháin oibre. Mol dóibh insint do na daltaí faoi thairbhí an tsocrúcháin oibre.

Téama 2

Is fearr a bheith Sábháilte ná Buartha!

Faigheann na daltaí amach faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre. Tosaíonn siad a thuiscint na tábhachta a bhaineann le fios a bheith acu an dóigh le guaiseacha ionchasacha sláinte agus sábháilteachta a sheachaint.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Teimpléad Straitéis Cnámh Éisc* (Áis 3)
- Smeach-chairt agus páipéar

Gníomhaíocht 1

Mar rang, pléigí:

- cad chuige a gcaithfidh daltaí fios a bheith acu faoi cheisteanna sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre; agus
- an dóigh a dtig le foghlaim faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta cuidiú le daltaí ullmhú dó agus páirt a ghlacadh go sábháilte sa socrúchán oibre.

Tabhair cuireadh d'fhostóir áitiúil labhairt leis na daltaí faoi:

- na príomhréimsí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an ionad oibre; agus
- freagrachtaí an fhostóra agus na bhfostaithe.

Gníomhaíocht 2

Léigh os ard nó taispeáin físeán ó nuachtán nó ón idirlíon faoi thimpiste a bhaineann le sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.

Cuir tús le díospóireacht ranga le fáil amach:

- cad é a tharla;
- cad chuige ar tharla sé; agus
- cad é mar a d'fhéadfaí é a sheachaint.

Gníomhaíocht 3

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Taispeáin an *Teimpléad Straitéis Cnámh Éisc* ar smeach-chairt ag tosach an tseomra ranga. Dáil bileoga móra páipéir ar gach grúpa agus iarr orthu an *Teimpléad Straitéis Cnámh Éisc* a tharraingt ar an pháipéar.

Iarr ar na grúpaí smaoineamh faoi chuid de na ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a d'fhéadfadh bheith os a gcomhair san ionad oibre agus iad a chlárú ar an teimpléad. Iarr ar na grúpaí smaoineamh faoin dóigh a dtig leo a sláinte agus sábháilteacht a chur i mbaol agus iad san ionad oibre a sheachaint.

Iarr ar na grúpaí a gcuid smaointe a chur i láthair don chuid eile den rang. Liostaigh na ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a luadh. Má cailleadh aon cheann de na ceisteanna tábhachtacha, cuir in iúl do na daltaí fúthu seo.

Gníomhaíocht 4 - Deis Sínte

Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta ar an idirlíon.



Téama 3

Ag Teacht i dTaithí Air

Tosaíonn na daltaí a thuiscint na tábhachta a bhaineann le socrúchán oiriúnach oibre a roghnú. Tosaíonn siad á n-ullmhú féin don socrúchán oibre trí thaighde a dhéanamh ar a n-ionad oibre roghnaithe.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ceisteoireacht éifeachtach
Ag roinnt critéar ratha

Gníomhaíocht 1

Cuir in iúl do na daltaí go gcaithfidh siad cur i láthair a scríobh agus a thabhairt don chuid eile den rang sa ghníomhaíocht seo. Is é an topaic don chur i láthair ná an eagraíocht a roghnaíodh don socrúchán oibre.

Mar rang, pléigí agus aontaígí ar struchtúr an chuir i láthair. Cuir in iúl do na daltaí, trína gcur i láthair, go gcaithfidh siad:

- an eagraíocht a bhfuil siad ag freastal uirthi don socrúchán oibre a chur i láthair;
- cur síos ar nádúr na heagraíochta;
- a mhíniú cad chuige ar roghnaigh siad é; agus
- a mhíniú cad é mar a bhaineann sé le forbairt a bhfeasachta infhostaitheachta agus a gcuid pleananna forbartha gairme.

Iarr ar na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na bealaí inar éirigh liom mo shocrúchán oibre a eagrú?
- Cad chuige a bhfuil an eagraíocht a roghnaíodh dom fóirsteanach dom?

Mínigh do na daltaí go gcaithfidh siad taighde a dhéanamh faoina n-eagraíocht roghnaithe. Beidh roinnt daltaí ábalta taighde a dhéanamh ar a n-eagraíocht ar an idirlíon. Beidh ag daltaí eile le cuairt láithreáin a shocrú don eagraíocht.

Tabhair am do na daltaí a gcuid cur i láthair a ullmhú. Ag an deireadh, cuir cuireadh ar na daltaí a gcur i láthair a dhéanamh don chuid eile den rang.

Cuir cuireadh ar na daltaí labhairt faoina gcuid ionchas maidir leis an socrúchán oibre. Cláraigh tráchtanna na ndaltaí i logleabhar an tSocrúcháin Oibre.

Téama 4

Mé Dea-Mhúinte

Pléann na daltaí béasaíocht an ionaid oibre trí rólghlacadh agus trí chuairteanna ranga ó fhostóirí nó ó fhostaithe áitiúla. Dréachtaíonn siad cód comhaontaithe iompraíochta don socrúchán oibre.



Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí bheith ag obair i mbeirteanna. Cuir réimse creatlach scéil ar fáil do gach beirt agus iarr orthu rólghlacadh a ullmhú lena léiriú. Mar shampla:

Dalta A
Tá tú ar tí do shocrúchán oibre a thosú. Insíodh duit go gcaithfidh tú teacht chuig an ionad oibre ar 9.30 am Dé Luain. Nuair a thagann tú ar 9.25am, fiafraíonn an fáilteoir díot cé ba mhaith leat a fheiceáil. Tuigeann tú go tobann nár insíodh duit cén duine le hiarraidh.

Dalta B
Is tusa an fáilteoir. Tuigeann tú go bhfuil Bean Mhic Sheáin freagrach as socrúcháin oibre ach caithfidh tú fios a bheith agat cé hé go díreach atá sa mhac léinn seo sula gcuireann tú é nó í a fhad le Bean Mhic Sheáin. Tá drochaoibh ort as siocair gur maidin Dé Luain atá ann.

Tabhair cuireadh do na daltaí na creatlacha scéil a rólghlacadh. Ina dhiaidh sin, cuir cuireadh ar an rang na fadhbanna féideartha sa socrúchán oibre a shainaithint agus a phlé agus fuascailtí féideartha a mholadh.

Gníomhaíocht 2

Léigh os ard nó taispeáin alt ó nuachtán áitiúil nó ón Idirlíon a léiríonn cás drochiompair soiléir san ionad oibre. Tabhair cuireadh do na daltaí na príomhcheisteanna ón alt a shainaithint agus a phlé.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Cuir cuireadh ar roinnt fostóirí nó ar iardhaltaí atá anois ag obair le labhairt:
- faoina gcuid ionchas maidir le hiompar san ionad oibre;
- cad chuige a bhfuil ionchais faoi leith acu maidir le hiompar san ionad oibre; agus
- aon 'fíorscéal' ba mhian leo a roinnt.

Gníomhaíocht 4 - Deis Sínte

Socraigh na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Iarr ar na grúpaí bheith ag obair le chéile le cód iompair a dhréachtú don socrúchán oibre. Lig do na grúpaí a gcuid smaointe a chur i láthair dá chéile. Mar rang, aontaígí na bunrialacha ba chóir a chur i bhfeidhm.

Clóchuir an liosta rialacha ar cháipéis le lógó na scoile agus tabhair cóip do gach dalta sula dtéann siad ar a socrúchán oibre.

Téama 5

Ar Shiúl liom ag Obair

Tá an chuid seo tiomnaithe do dhaltaí san ionad oibre. I roinnt cásanna seans go mbeadh cuairt ranga ar ionad oibre níos fóirsteanaí.

Gníomhaíocht 1

Tagraíonn an téama seo do thréimhse an tsocrúcháin oibre. Beidh modhanna difriúla ag scoileanna le monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí agus iad sa chomhlacht nó san eagraíocht. Leagfaidh gach dalta cuspóirí pearsanta síos agus caithfidh sé iarraidh a thabhairt iad seo a chomhlíonadh tríd an socrúchán oibre.

Téama 6

Ag Smaoineamh Siar

Tagraíonn na daltaí dá gcuid cuspóirí socrúcháin oibre agus amharcann siad ar cad é an dóigh a raibh siad ábalta iad seo a chomhlíonadh trína socrúchán oibre. Tugtar deis do na daltaí a gcuid taithí foghlama a roinnt leis an rang iomlán.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 4)
- Lipéid ghreamaitheacha
- Bileoga móra pháipéir
- Marcóirí daite

Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí bheith ag obair ina n-aonar. Dáil lipéid ghreamaitheacha agus iarr ar na daltaí an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim siad ó thaithí an tsocrúcháin oibre a chlárú.

Ansin, eagraigh an rang ina ngrúpaí de cheathrar go seisear. Iarr ar na grúpaí róil ghrúpa a leagan ina measc cláraitheoir, tuairisceoir, éascaitheoir agus maor ama. Iarr ar na grúpaí an méid a chláraigh siad ar a lipéad greamaitheach a roinnt agus a phlé. Mol do na grúpaí na ceisteanna seo a leanas a phlé fosta:

- Cad é a raibh suim agat ann maidir le do shocrúchán oibre i dtosach báire?
- Cad é an rud ba spéisiúla leat faoi do shocrúchán oibre?
- Ar chuir rud ar bith iontas ort nó ar bhain aon rud geit asat faoin socrúchán oibre?

Cuir bileog mhór pháipéir ar fáil do gach grúpa agus iarr ar an cláraitheoir achoimre a dhéanamh ar a gcinneadh. Ag an deireadh, tabhair cuireadh don tuairisceoir ó gach grúpa aiseolas a thabhairt don chuid eile den rang.

Don chéad tasc eile, iarr ar na daltaí bheith ag obair ina n-aonar. Iarr ar na daltaí a shamhlú gur iarradh orthu cur i láthair a dhéanamh faoin socrúchán oibre do rang sóisearach. Tabhair am do na daltaí bheith ag obair ar a gcur i láthair. Cuir cuireadh ar roinnt daltaí a gcur i láthair a dhéanamh don rang. Is dócha go mbeidh a gcuid grianghraf ag roinnt daltaí óna socrúchán oibre. Is féidir iad seo a úsáid le tuilleadh díospóireachtaí ranga a chothú.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol do na daltaí é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Iarr ar na daltaí *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlánú ina n-aonar. Ansin, eagraigh na daltaí i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Cuir cuireadh orthu páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a chlárú ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

Cártaí Cuspóra Dalta

Cuspóir

Eolas a chur ar thábhacht na sláinte agus na sábháilteachta san ionad oibre.

Cuspóir

Fáil amach faoi phoist, cháilíochtaí agus scileanna éagsúla atá de dhíth san ionad oibre.

Cuspóir

Fianaise luach na hoibre foirne san ionad oibre a fheiceáil dom féin.

Cuspóir

Deis bheith ag obair i gcuideachta daoine fásta san ionad oibre.

Cuspóir

Feasacht níos fearr a bheith agam ar mo chuid láidreachtaí, cumas agus réimsí suime.

Cuspóir

Na hiompraíochtaí oibre atá de dhíth san ionad oibre a léiriú.

Cuspóir

An socrúchán oibre a úsáid le cur le m'infhostaitheacht agus le mo phleanáil ghairme.

Cuspóir

Fáil amach faoin dóigh a bhfuil cur chuige fiontraíoch maidir le hobair lán chomh tábhachtach ag fostaí agus atá sé ag úinéir gnólachta.

Cuspóir

Tuiscint níos fearr a fhorbairt ar:

- na caidrimh atá san eagras; agus
- cad é mar a oibríonn an t-eagras, dáiríre.

Áis 1

Cuspóir

Cuspóir

Cuspóir

Cuspóir

Cuspóir

Cuspóir

Áis 2

Teimpléad Leagan Amach Cuspóirí

Ainm an dalta
Cuspóirí Pearsanta do mo shocrúchán oibre Trí mo shocrúchán oibre tá mé ag dúil le tabhairt faoi na cuspóirí seo a leanas:
Cuspóir 1
Cuspóir 2
Cuspóir 3
Ná fáthanna leis na cuspóirí a roghnaigh mé:

Áis 3

Teimpléad Straitéis Cnámh Éisc



Áis 4

Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Cuir síos ar an fhorbairt phleanála gairme atá déanta agat le linn an aonaid seo. Mar shampla, *léamh, amharc ar fhiseáin, bheith páirteach sa socrúchán oibre, ag breathnú, ag caint le fostóirí, fostaithe.*

Ar bhain tú do chuspóirí socrúchán oibre amach? Má bhain, inis cén dóigh. Murar bhain, mínigh cad chuige, le do thoil.

Cad iad na scileanna a bhreathnaigh tú agus/nó a d'úsáid tú sa socrúchán oibre? Cé acu a bhí cosúil leis na scileanna a úsáideann tú ar scoil? Cé acu scileanna a bhí nua agat?

Áis 4

An bhfuil réimse ar bith oibre ann ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi a bheadh le leas do phleanála gairme? (Aontaigh, le do thoil, faoi réimse nó dhó agus cuir síos ar an dóigh ar féidir é seo a bhaint amach).

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire
don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil
ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning